Tabhair do d'aire le do thoil nach iarracht ar bhealach ar bith é an suirbhé seo chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na suíomhanna, na foirne ná na gceannairí aonair ELC. Ní úsáidfear torthaí ar leibhéal suímh ELC ná torthaí aonair ELC chun críocha measúnaithe ar an leibhéal náisiúnta agus ní nochtfar iad mar chuid de na tuarascálacha idirnáisiúnta.

Má tá faisnéis níos mionsonraithe ag teastáil uait ar an leibhéal náisiúnta (<https://link.cso.ie/talisinfo>) nó idirnáisiúnta (www.oecd.org/talis)

Pointe Airde!

Má tá aon cheist nó ábhar imní agat, déan teagmháil linn le do thoil:

Ríomhphost - talis@cso.ie

Fón - 021 453 5110 (Luan go hAoine 9:30 – 5:30)

2 Do ról mar Chomhordaitheoir Suímh ELC

Go raibh maith agat as tacú le TALIS Ag Tosú go Láidir 2024 mar Chomhordaitheoir Suímh ELC le linn na Trialach Allamuigh. Rannchuideoidh do chuid oibre mar Chomhordaitheoir Suímh ELC le hiarrachtaí na hÉireann eolas cruinn agus úsáideach a fháil chun an suirbhé a fhorbairt. Is mór againn do thoilteanas

¹ Úsáidtear na téarmaí “tír” nó “náisiúnach” anseo chun tagairt a dhéanamh d’aon “rannpháirtí” TALIS, a d’fhéadfadh a bheith ina thír, ina gheilleagar comhpháirtíochta de chuid an ECFE, ina chóras oideachais, ina réigiún/dlínse nó ina eintiteas fonáisiúnta mar an gcéanna.

chun cabhrú leis an tsuirbhé. Tá d'iarrachtaí agus do chuid tacaíochta ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an suirbhé ag leibhéal an ELC ós rud é gur tusa an nasc idir suíomh an ELC, an fhoireann agus an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO).

Tabhair do d'aire nach mór do Chomhordaitheoirí Suímh ELC déileáil le gach faisnéis suirbhé, go háirithe faisnéis agus freagraí aitheantais pearsanta, mar fhaisnéis agus freagraí **faoi rún i gcónaí**. Níl cead agat ach an oiread an fhaisnéis seo a úsáid chun críocha ar bith eile seachas le haghaidh riarachán an tsuirbhé reatha. I gcomhréir leis sin, iarraidimid ort an comhaontú rúndachta in Iarscríbhinn A a shíniú agus a sheoladh chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) atá i bhfeighil ar an tsuirbhé seo in Éirinn. Tá clúdach freagartha faoi iamh

Tá ceithre cheistneoir i gceist le TALIS Ag Tosú go Láidir 2024: Ceistneoir don Cheannaire, an Ceistneoir Foirne, ceistneoir comhcheangailte don cheannaire sa chás go bhfuil sé/sí ina c(h)eannaire agus a bhfuil dualgais foirne orthu freisin agus ceistneoir gearr mura bhfuil ach duine amháin ag obair sa suíomh. Cuirfear ceistneoirí TALIS ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge.

Tábla 1: Ceithre mhír a bhaineann le riarachán TALIS Ag Tosú go Láidir 2024

Na ceistneoirí	Nótaí breise
Ceistneoir Ceannaire:	➤ Le comhlánú ag ceannaire suímh ELC. ➤ Mura bhfuil ceannaire ag an suíomh ELC (ach foireann bainistíochta, mar shampla), déan teagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) le do thoil agus soiléirigh cé leis ar cheart dul i dteagmháil. Beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh in ann an freagróir cuí a roghnú bunaithe ar na sainmhínithe i gCaighdeáin Theicniúla TALIS 2024.
Príomhcheistneoir Comhcheangailte:	➤ Le comhlánú ag ceannairí suímh ELC a bhfuil dualgais foirne acu.
Ceistneoir Foirne:	➤ Le comhlánú (go hiondúil) ag ochtar ball foirne a roghnaítear go randamach in aghaidh an tsuímh ELC.
Ceistneoir Comhcheangailte – Gearr:	➤ Le comhlánú ag baill foirne i suíomhanna ELC le duine amháin.

Mar Chomhordaitheoir Suímh ELC sa suirbhé seo, iarraidimid ort cabhrú linn baill foirne a shainaitheint agus a shampláil, agus a chinntiú go ndéantar gach ábhar suirbhé a dháileadh agus a bhailiú i gceart. I do ról, tá tú chun páirt a ghlacadh agus léargas ginearálta a thabhairt maidir le riarachán an tsuímh i do shuíomh ELC.

2.1 Príomhchúraimí Chomhordaitheoir an tsuímh ELC

Go háirithe, iarraidimid do chúnamh maidir leis na tascanna seo a leanas.

Céim	Gníomhaíocht	Cuid láimhe	Sceideal	Críochnaithe
1	Lámhleabhar an Chomhordaitheora Suímh ELC agus an Fhoirm Liostaithe a fháil ón bPríomh-Oifig Staidrimh.	n.a.	5 seachtaine roimh an tréimhse bhailiúcháin.	☐
2	An Fhoirm Liostaithe a ullmhú agus í a chur faoi bhráid na Príomh-Oifige Staidrimh.	3	3 seachtaine roimh an tréimhse bhailiúcháin.	☐
3	RIARACHÁN NA DTRIALACHA ALLAMUIGH	n.a.	1 Márta – 31 Márta 2023	☐
4	Baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa suirbhé le linn na tréimhse bailiúcháin.	n.a.	1 Márta – 31 Márta 2023	☐

3 Ag ullmhú na Foirme Liostaithe

Chun sampláil a dhéanamh ar an bhfoireann sa suíomh ELC, ní mór don Phríomh-Oifig Staidrimh faisnéis gach ball foirne incháilithe a liostú ar an bhFoirm Liostaithe (tá sampla den Fhoirm Liostaithe curtha ar fáil i bhFíor 1 thíos). Roghnófar baill foirne go randamach le bheith rannpháirteach. Tá an Fhoirm Liostaithe san áireamh sa phacáiste a fuair tú ón bPríomh-Oifig Staidrimh. Bain úsáid as an gclúdach freagartha a cuireadh ar fáil chun an Fhoirm Liostaithe a sheoladh ar ais.

Tabhair do d'aire go mbeidh tionchar ag an bhfaisnéis a thugtar ar an bhFoirm Liostaithe ar an té a dhéanfar a shampláil. Ar an gcúis sin, cuirimid béim ar an tábhacht a bhaineann le liostú cúramach agus cruinn foirne, mar a thuairiscítear i bhfo-ailt 3.1 agus 3.2. Mura féidir leat cuid den fhaisnéis seo a chur ar fáil, nó má tá amhras ort faoi ghnéithe sonracha den fhoirm, déan teagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun tuilleadh tacaíochta a fháil.

3.1 Cé nach mór a liostú ar an bhFoirm Liostaithe?

In Éirinn, cuimsíonn an spriocghrúpa do shuirbhé TALIS Ag Tosú go Láidir 2024 gach ball foirne in oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile agus ceannairí agus leasceannairí na suíomhanna ina n-oibríonn siad.

Mar Chomhordaitheoir Suímh ELC a chuireann an suirbhé i bhfeidhm i do shuíomh ELC do bhaill foirne atá ag obair le leanaí in oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile, ní mór duit **liosta iomlán foirne** a chur ar fáil ar an bhFoirm Liostaithe, **lena n-áirítear ceannaire an ELC** a chomhlíonann na sainmhínithe seo a leanas:

- **Sainmhíniú ar cheannaire**

- Sainmhínítear “ceannaire” mar an duine is mó atá freagrach as an gceannaireacht riaracháin, bhainistíochta agus/nó oideolaíoch ag an suíomh ELC. Mar chuid den ról ceannaireachta, d'fhéadfadh ceannairí a bheith freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar leanaí, maoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne eile, teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí agus caomhnóirí, agus/nó an obair oideolaíoch a phleanáil, a ullmhú agus a chur i gcrích sa suíomh ELC.
- Féadfaidh ceannairí roinnt dá gcuid ama a chaitheamh ag obair leis na leanaí freisin. Ba cheart leas-bhainisteoirí a bhfuil freagrachtaí suntasacha riaracháin acu agus nach bhfuil mórán freagrachtaí oideolaíocha acu a áireamh mar cheannairí freisin.

- **Sainmhíniú ar fhoireann**

- Cuimsíonn “foireann ELC” gach duine a dhéanann obair oideolaíoch go rialta, a chuireann deiseanna foghlama nó cúram ar fáil in oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile laistigh de shuíomhanna cláraithe luathoideachais agus cúraim.
- Níl aon scoithphointe íosta ann maidir leis an méid oibre san oideachas luath-óige agus san oideachas réamh-bhunscoile nach mór don fhoireann a bheith páirteach ann.

Ní thabharfar duit ach Foirm Liostaithe aonair amháin a bheidh marcáilte le ISCED Leibhéal 02 nó U3. Déileálann ISCED Leibhéal 02 le leanaí idir 3 agus 6 bliana d'aois agus U3 le leanaí faoi bhun 3



bliana d'aois. **Agus tú ag liostú na mball foirne, ná liostaigh ach na baill foirne a dhéileálann le leanaí san aoisghrúpa a sannadh duit.** Mar shampla, má tugadh foirm U3 duit, ná liostaigh na baill foirne a dhéileálann ach le leanaí idir 3-6 bliana d'aois. Is féidir baill foirne a oibríonn le leanaí sa dá aoisghrúpa a liostú i gceachtar den dá fhoirm, áfach.

Fíor 1: Sampla d'Fhoirm Liostaithe ar pháipéar

TALIS Ag Tosú go Láidir 2024 FT – [Leibhéal ISCED 02] Foirm Liostaithe

Tír/Réigiún:	Éire
Ainm an tSuímh ELC:	Suíomh Samplach ELC
Aitheantas an tSuímh ELC:	1234

(1) Ainm	(2) Sraithuim hir	(3) Ról an Cheann aire	(4) Ról an bhaill foirne	(5) Bliain bhreithe	(6) Inscne	(7) Rogha Teanga don Suirbhé
<i>Ceannaire</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1</i>	<i>1951</i>	<i>1</i>	
<i>Ball Foirne 1</i>	<i>2</i>		<i>3</i>	<i>1964</i>	<i>2</i>	
<i>Ball Foirne 2</i>	<i>3</i>		<i>3</i>	<i>1972</i>	<i>2</i>	
<i>Ball Foirne 3</i>	<i>4</i>		<i>2</i>	<i>1958</i>	<i>1</i>	
<i>Ball Foirne 4</i>	<i>5</i>		<i>3</i>	<i>1971</i>	<i>2</i>	
<i>Ball Foirne 5</i>	<i>6</i>		<i>3</i>	<i>1979</i>	<i>2</i>	
<i>Ball Foirne 6</i>	<i>7</i>		<i>2</i>	<i>1969</i>	<i>1</i>	
...	...	...	...	...	...	
	SAMPLA! NÁ CÓIPEÁIL!					

Úsáid bileoga breise más gá

Colún (1): Céadainm agus sloinne an cheannaire agus an bhaill foirne

Colún (2): Aitheantas Seicheamhach.

Colún (3): Ról an Cheannaire: 1 = Ceannaire an tsuímh ELC seo

Colún (4): Ról an Bhaill Foirne: 1 =<Ceannaire amháin (gan obair oideolaíoch)> ; 2 =<Múinteoir (Príomhoideoirí Luathbhlianta)> ; 3 =<Cúntóir (Oideoirí Luathbhlianta)> ; 4 =<Ball foirne do leanaí aonair> ; 5 =<Baill foirne le haghaidh cúraimí speisialta> ; 6 =<Intéirneach (Scoláirí)>

Colún (5): Bliain bhreithe: BBBB; 9999 = Gan sonrú

Colún (6): Inscne: 1 = Baineann; 2 = Fireann; 3 = neamh-dhénártha/éagsúil; 9 = Diúltaithe

Colún (7): Teanga: 1 = Béarla; 2 = Gaeilge

3.2 Cé NACH GÁ a liostú ar an bhFoirm Liostaithe?

Sa tábla seo a leanas, tugtar tuairisc ar na cineálacha ball foirne a mheastar a bheith lasmuigh den raon feidhme le haghaidh TALIS Ag Tosú go Láidir 2024. Níor cheart na cineálacha ball foirne sin a liostú ar an bhFoirm Liostaithe.

Tábla 2: Na cineálacha ball foirne NACH gá a liostú ar an bhFoirm Liostaithe (lasmuigh den raon feidhme)

Cineálacha foirne	Tuilleadh sonraí
Feighlí linbh	Daoine atá ag obair mar fheighlí linbh laistigh de theach an linbh nó i socrú neamhfhoirmiúil.
Oibrithe Deonacha	Is oibrithe deonacha iad siúd a thagann isteach sa suíomh ELC ó am go chéile le haghaidh gníomhaíocht speisialta.
Foireann chúnta	Foireann chúnta nach n-idirghníomhaíonn go rialta ar bhealach oideolaíoch leis na leanaí, amhail glantóirí nó foireann cócaireachta.
Baill foirne leighis agus teiripeacha	Baill foirne amhail teiripeoirí urlabhra agus teiripeoirí saothair a bhfuil a gcuid oibre neamhoideolaíoch go príomha.
Foireann ócáideach nó éigeandála	Is iad baill foirne ócáideacha nó éigeandála iad siúd a líonann isteach ar bhonn sealadach do bhall foirne atá fós fostaithe mar bhall foirne lánaimseartha nó páirtaimseartha ag an suíomh ELC. Bheadh ball foirne ócáideach nó éigeandála den sórt sin fostaithe ar feadh sé seachtaine as a chéile ar a mhéad. Samplaí coitianta a bheadh ann ná do bhall foirne ionaid tabhairt faoin obair a dhéanann ball foirne atá ar shaoire bhreitheachta. Tabhair faoi deara go mbíonn baill foirne ionaid a chlúdaíonn saoire mháithreachais fostaithe ar feadh níos mó ná sé seachtaine i ndiaidh a chéile de ghnáth agus, dá bhrí sin, go mbeadh raon feidhme acu de ghnáth.
Baill foirne ar shaoire fhadtéarmach	Baill foirne atá ar shaoire fhadtéarmach agus atá as láthair nuair a chruthaítear an Fhoirm Liostaithe agus ní mheastar go mbeidh siad ar ais le linn an bhailithe sonraí, baill foirne atá ar shaoire shabóideach nó ar saoire mar gheall ar mhíchumas.

Pointe Airde!

Mura bhfuil tú cinnte faoi na sainmhínithe agus na mínithe seo nó má tá aon cheist nó ábhar imní agat, déan teagmháil linn le do thoil:

Ríomhphost - Talis@csso.ie

Fón - 021 453 5110 (Luan go hAoine 9:30 – 5:30)

3.3 Ag ullmhú na Foirme Liostaithe

Iarraimid ort liosta a ullmhú den fhoireann ar fad, lena n-áirítear ceannaire an suímh ELC, a oibríonn le leanaí bunaithe ar na sainmhínithe agus na heisiaimh a thugtar i bhfo-ailt. 2.1 agus 2.2. An Fhoirm Liostaithe shamplach i Roinn 2.1:

- Cuimsíonn “foireann” ELC gach duine a dhéanann obair oideolaíoch go rialta, a chuireann deiseanna foghlama nó cúram ar fáil, in oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile laistigh de shuíomhanna cláraithe luathoideachais agus cúraim. Áirítear leis seo feighlithe leanaí ach ní áirítear ann aon bhall foirne atá liostaithe i dTábla 2.
- Níl aon scoithphointe íosta ann maidir leis an méid oibre atá le déanamh ag baill foirne san oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile.
- Tá an fhoirm atá liostaithe i bhFíor 1 liostaithe mar ‘ISCED Leibhéal 02’, rud a léiríonn nár cheart ach baill foirne a dhéileálann le daoine 3-6 bliana d’aois a chur san áireamh ar an bhfoirm. Dá mbeadh sé marcáilte ‘U3’, níor cheart ach baill foirne a dhéileálann le leanaí idir 0 agus 2 bliana d’aois a chur san áireamh. Níor cheart go n-athródh an t-idirdhealú idir ISCED

Leibhéal 02 nó U3 an chuid den fhoirm a bhaineann leis an gceannaire, níl an t-idirdhealú seo tábhachtach ach amháin chun foireann a liostú.

- Beidh an fhoirm atá liostaithe i bhFíor 1 cosúil leis an bhfoirm a gheobhaidh tú ón bPríomh-Oifig Staidrimh.

Ba chóir gur tasc simplí a bheadh i liosta na mball foirne a chruthú. Mar sin féin, iarraimid ort do liosta a sheiceáil go cúramach. Ba cheart liosta na mball foirne a bheith chomh cothrom le dáta agus is féidir. Tosaigh ar an gcéad sraith, ullmhaigh iontráil amháin don cheannaire agus do gach ball foirne, in ord aibítire más féidir, agus seachain línte folmha.

Tabhair aird ar leith le do thoil ar an gceannaire, ba chóir é a mharcáil sa cholún “Ról na gCeannairí”, agus ba chóir a leibhéal oibre oideolaíoch le leanaí a mharcáil sa cholún “Ról Foirne”. Tabhair faoi deara gur féidir an post ceannaire a chur le haon chód sa cholún “Ról Foirne”, is cuma cé acu a oibríonn an ceannaire go díreach le leanaí nó nach n-oibríonn. Tugtar treoracha níos mionsonraithe sa tábla thíos.

Ainm na gcolún sa bhFoirm Liostaithe	Míniú
(1) Ainm	Líon isteach céadainm agus sloinne an duine.
(2) Sraithuimhir	Ní gá an colún seo a líonadh amach do d'ionad.
(3) Ról an Ceannaire	Sa cholún seo, ba cheart an ceannaire suímh ELC a shainaithint. Úsáid “1” más é an duine atá liostaithe an ceannaire nó má ghníomhaíonn sé nó sí mar cheannaire freisin. Táimid ag súil le díreach ceannaire amháin in aghaidh an tsuímh. Mura bhfuil ceannaire tiomnaithe ag do shuíomh, déan teagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh le do thoil chun a dhearbhuí cé leis a rachaidh tú i dteagmháil.
(4) Ról Foirne	Sa cholún seo, ní mór ról na mball foirne atá liostaithe a chur in iúl. Bain úsáid as “1” don cheannaire nach ndéanann aon obair dhíreach leis na leanaí sa spriocdhaonra. Níor chóir go mbeadh aon duine eile liostaithe mar bhaill foirne ag baint úsáid as an gcód seo. Níor cheart go bhfaigheadh ceannairí a oibríonn le leanaí cód “1”, ach an cód a léiríonn a gcuid oibre le leanaí. Úsáid “2” le haghaidh <Múinteoir> Úsáid “3” le haghaidh<Cúntóir><Ball foirne ELC> Úsáid “4” le haghaidh<Ball foirne do leanaí aonair> Úsáid “5” le haghaidh<Baill foirne le haghaidh cúraimí speisialta> Úsáid “6” le haghaidh<Intéirneach> Úsáid “7” le haghaidh<Eile>
(5) Bliain bhreithe	Líon isteach bliain bhreithe an duine mar uimhir 4 digit, m.sh. 1962. Bain úsáid as 9999 mura bhfuil an fhaisnéis seo ar eolas nó mura gceadaítear í a sholáthar.
(6) Inscne	Úsáid “1” le haghaidh mná. Úsáid “2” le haghaidh fir. Úsáid “3” le haghaidh neamh-dhénártha/éagsúil.

	Úsáid “9” mura bhfuil an fhaisnéis ar eolas nó mura gceadaítear í a sholáthar.
(7) Teanga	Úsáid “1” don Bhéarla Úsáid “2” don Ghaeilge

3.4 An Fhoirm Liostaithe a sheoladh ar ais

Déan fótachóip den Fhoirm Liostaithe nuair a bheidh sé comhlánaithe. Ba cheart cóip den Fhoirm Liostaithe chomhlánaithe a stóráil go sábháilte ag an suíomh ELC go dtí an 31 Márta 2023, sé sin ag deireadh na n-oibríochtaí trialach allamuigh. Ag deireadh na trialach allamuigh, ba cheart na sonraí go léir is gá chun an triail allamuigh a bhainistiú a bhaint agus a scríosadh. Scríosfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh taifid a bhFoirm Liostála go luath ina dhiaidh sin.

Pointe Airde!

Seol an Fhoirm Liostaithe ar ais chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh **tráth nach déanaí ná an 27 Feabhra 2023, i gclúdach litreach an Fhreagra Gnó a cuireadh ar fáil.**

Úsáidfídh an Phríomh-Oifig Staidrimh an t-eolas atá ar fáil ar an bhFoirm Liostaithe chun an fhoireann a bhfuil suirbhé le déanamh orthu a roghnú go randamach.

- Go ginearálta, roghnófar ochtar ball foirne chun an Ceistneoir Foirne a fháil.
- Má tá níos lú ná ochtar ball foirne incháilithe ag an suíomh ELC, roghnófar iad go léir.

Seolfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh litir agus eolas faoi shonraí an cheistneora (logáil isteach, URL srl) chuig gach ball foirne a roghnaíodh chun páirt a ghlacadh ann. Ba cheart go sroichfeadh na litreacha seo d’ionad laistigh de choicís tar éis duit d’Fhoirm Liostaithe a chur isteach. Ba chóir duitse, mar cheannaire san ionad, baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh le linn na tréimhse sin. Eiseoidh an Phríomh-Oifig Staidrimh meabhrúchán 7-10 lá tar éis don chéad litir teacht chuig na daoine sin nár ghlac páirt ann.

4 Riaradh an cheistneora

Tá riarachán an cheistneora ar cheann de na cúraimí atá ort mar Chomhordaitheoir Suímh ELC. Ba cheart don cheannaire an tábhacht a bhaineann leis an suirbhé seo a mhíniú do gach ball foirne agus a mheabharrú dóibh páirt a ghlacadh ann. Ba cheart don cheannaire agus don bhall foirne dul i dteagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh má bhíonn aon fhadhbanna ann maidir le logáil isteach nó rochtain a fháil ar an gceistneoir.

Le TALIS Ag Tosú go Láidir 2024, is rannpháirtíocht ar líne an t-aon mhodh riaracháin atá ar fáil.

Pointe Airde!

Déanfar Triail Allamuigh 2024 TALIS Ag Tosú go Láidir a riar sa tréimhse idir: 1 agus 31 Márta, 2023.

Tá sé tábhachtach go gclófidh tú leis an amlíne toisc nach féidir sonraí an ELC a úsáid le haghaidh anailís idirnáisiúnta taobh amuigh de sin agus bheadh an obair ar fad atá déanta cheana féin curtha amú.

4.1 Ábhair an tsuirbhé a stóráil

Mar Chomhordaitheoir Suímh ELC, tá tú freagrach as slándáil agus stóráil shábháilte na n-ábhar go léir roimh an tsuirbhé.

- **Níor cheart** na hábhair a chóipeáil ná a thaispeáint ar bhealach ar bith
- Ba chóir na hábhair a **dhaingniú** nuair nach bhfuil siad in úsáid
- Ba chóir aon ábhar nár úsáideadh a sheoladh ar ais chuig an bPríomh-Oifig Staidrimh

4.2 Dáileadh litreacha cumhdaigh agus sonraí ceistneora

Nuair a bheidh an Fhoirm Liostaithe faighte sa Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) déanfar teagmháil leo siúd a sampláladh chun páirt a ghlacadh tríd an bpost ag a n-ionad. Áireofar sa litir chumhdaigh sonraí faoi logáil isteach, URL etc.

Ar an meán, tógfaidh sé idir 60 agus 75 nóiméad an ceistneoir a chomhlánú. Chun críocha taighde, tá na ceistneoirí don Triail Allamuigh níos faide ná na leaganacha a ullmhófar don phríomhshuirbhé in 2024, ba cheart go dtógfadh sé 45 nóiméad go 60 nóiméad. Tríd an gceistneoir seo a fhreagairt, tá ceannairí agus baill foirne ag cabhrú leis na freagróirí a gheobhaidh ceistneoir athbhreithnithe níos giorra don Phríomhshuirbhé. Gabh buíochas na Príomh-Oifige Staidrimh leis an gceannaire agus leis an bhfoireann a ghlac páirt.

Pointe Airde!

Léireofar sa litir chumhdaigh ainm agus/nó cód aitheantais an duine ar chóir an litir a sheoladh chucu.

Tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh gach duine an litir chumhdaigh a shanntar dó nó di. NÍ CHEADAÍTEAR baill foirne a ionadú in imthosca ar bith!

4.3 Rochtain a fháil ar na ceistneoirí ar líne

Beidh an fhoireann agus an ceannaire in ann rochtain a fháil ar na ceistneoirí ar líne agus iad a chomhlánú ag baint úsáid as ríomhaire nó ríomhaire glúine, chomh maith le gairis amhail táibléid agus fóin phóca. Dearadh na ceistneoirí ar líne chun oibriú le híosriachtanais bhrabhsálaí, cé gur fearr an leagan is déanaí de na brabhsálaithe is coitianta (e.g., Firefox, Chrome, Edge, Safari) a bheith acu chun eispéireas éasca a chinntiú. **Ní theastaíonn** JavaScript chun go n-oibreoidh na ceistneoirí ar líne agus ní úsáidfear 'fianáin'.

Chun rochtain a fháil ar an gceistneoir ar líne, ba cheart go mbeadh nasc idirlín cobhsaí, bandaleithead leordhóthanach agus gan balla dóiteáin ag an bhfoireann agus ag an gceannaire. Níl méid speisialta cuimhne oibre/spás stórála ag teastáil ar an ngaireas chun na ceistneoirí a líonadh isteach.

Cuir in iúl don fhoireann agus don cheannaire le do thoil go ndéantar anaithnideacht na bhfreagróirí **a ráthú i gcónaí**. Sábháiltear freagraí de réir mar a théann daoine ó cheist go ceist. Féadfaidh siad an ceistneoir a fhágáil tráth ar bith agus logáil isteach arís níos déanaí (mar shampla, an chéad lá eile) le linn na tréimhse riaracháin.

Sna litreacha cumhdaigh, gheobhaidh an freagróir an fhaisnéis seo a leanas (samplaí bréige):

- Seoladh idirlín chun teacht ar an gceistneoir ar líne
- Do cheannairí: ainm úsáideora 4 digit (Aitheantas an tsuímh ELC) amhail '1234'
- Don fhoireann: ainm úsáideora 6 digit (Aitheantas Foirne) amhail '123456'
- Pasfhocal logála isteach 5 digit (Suim sheiceála), amhail '12345'

Mar a léirítear i bhFíor 2, ní mór an seoladh idirlín a chlósscríobh go díreach isteach i mbarra seoltaí an bhrabhsálaí, seachas trí inneall cuardaigh (e.g., Google, Bing, Yahoo etc.). Níl sa seoladh idirlín a cuireadh le Fíor 2 ach sampla bréige.

Fíor 2: Sampla den bhealach ceart agus mícheart chun rochtain a fháil ar an gceistneoir ar líne ag baint úsáid as brabhsálaí

Ceart: an seoladh idirlín a chlóschríobh i mbarra seoltaí an bhrabhsálaí	Mícheart: an seoladh idirlín a chlóschríobh isteach in inneall cuardaigh

Pointe Airde!

Cuir in iúl do na rannpháirtithe le do thoil nach mór an seoladh idirlín a chlóschríobh go díreach isteach i mbarra seoltaí an bhrabhsálaí.

Má bhíonn deacrachtaí ag freagróirí sa suíomh ELC logáil isteach nó an ceistneoir a chomhlánú, téigh i dteagmháil leis an bPríomh-Oifig Staidrimh ag 021 453 5110.

Tabhair faoi deara nach gceadaítear aon asphriontaí de na ceistneoirí ar líne a úsáid in imthosca ar bith!

4.4 Monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht

Ní féidir ach leis an bPríomh-Oifig Staidrimh monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht ar líne. Seolfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh meabhrúcháin chucu siúd nár ghlac páirt ann agus féadfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh teagmháil a dhéanamh leis an gceannaire chun rátaí rannpháirtíochta a phlé.

D'fhéadfaí Foirm Rianaithe a eisiúint chugat le linn obair allamuigh an tsuirbhé a chuideodh le leibhéal na rannpháirtíochta i do shuíomh a léiriú. Taispeántar sampla d'Fhoirm Rianaithe thíos.

Is é príomhchuspóir na Foirme Rianaithe aon neamhréireachtaí a dhoiciméadú idir an fhaisnéis faoi na daoine atá liostaithe ar an bhfoirm agus an staid reatha sa suíomh ELC. Tá **colún (8)** ríthábhachtach anseo áit a dtaifeadtar stádas fillte an cheistneora. Tá cur síos ar na cóid ar chóir a úsáid don cholún seo thíos.

Tábla 3: Cóid le haghaidh Stádas Fillte an Cheistneora san Fhoirm Rianaithe

Cóid	Brí	Míniú
1	Seolta ar ais (ar líne)	Úsáidtear é le haghaidh rannpháirtithe a chomhlánaigh an ceistneoir ar líne. Ní mór é seo a chomhordú leis an CSO mar ní féidir le comhordaitheoir suíomh ELC monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht ar líne.
2	Seolta ar ais (páipéar) - Neamhbhainteach leis an Triail Allamuigh	Ní úsáidtear iad ach amháin má d'iarr an ELC ceistneoirí páipéir.
3	Níor seoladh ar ais	Úsáidtear é nuair nár cuireadh an ceistneoir ar ais
4	D'fhág an suíomh ELC go buan	Úsáidtear é má d'fhág an duine an suíomh ELC tar éis dó a bheith liostaithe ach sular thosaigh an riarachán
5	Ba chóir go mbeadh duine lasmuigh den raon feidhme	Sa chás gur liostaíodh baill foirne cé gur cheart go mbeadh siad lasmuigh den raon feidhme ar cheann de na cúiseanna a

		liostaítear sa chuid 3.2 nó gur léir nach n-oibríonn siad le leanaí
9	Ní fios	Úsáidtear é i gcás nach bhfuil aon fhaisnéis ag Comhordaitheoir Suímh ELC maidir le stádas an fhille

Má tá ceisteanna agat nó má bhíonn fadhbanna agat de chineál ar bith, téigh i dteagmháil le do Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) a luaithé is féidir le do thoil. Ríomhphost: talis@cso.ie nó teileafón: 021 453 5110 le linn uaireanta oifige.

Fíor 2: Sampla den Fhoirm Rianaithe i bhformáid Excel

TALIS Ag Tosú go Láidir 2024 FT – [ISCED Leibhéal 02] Foirm Rianaithe

Tír/Réigiún:	Éire
Ainm an tSuímh ELC:	Suíomh Samplach ELC
Aitheantas an tSuímh ELC:	1234

(1) Ainm	(2) Aitheantais	(3) Bliain bhreithe	(4) Inscne	(5) Ról Foirne	(6) Ceistneoir	(7) Modh ceistneora	(8) Stádas fillte an Cheistneora	(9) Infhaighteacht Sonraí an Cheistneora Foirne
Ball	123401	1951	1	1	10	1	1	
Ball	123402	1972	2	3	22	1	4	
Ball	123403	1971	2	2	21	2	2	
...	...	...	...	...	...	...	...	

Colún (1): Céadainm agus sloinne

Colún (2): Cóid aitheantais. Aitheantas seicheamhach

Colún (3): Bliain bhreithe: BBBB; 9999 = Gan sonrú

Colún (4): Inscne: 1 = Baineann; 2 = Fireann; 3 = Neamh-dhénártha/éagsúil; 9 = Diúltaithe

Colún (5): Ról an Bhaill Foirne: 1 =<Ceannaire amháin (gan obair oideolaíoch)> ; 2 =<Múinteoir (Príomhoideoirí Luathbhlianta)> ; 3 =<Cúntóir (Oideoirí Luathbhlianta)> ; 4 =<Ball foirne do leanaí aonair> ; 5 =<Baill foirne le haghaidh cúraimí speisialta> ; 6 =<Intéirneach (Scoláirí)>

Colún (6): Ceistneoir: 10 = Ceistneoir Ceannaire Foirm A; 11 = Ceistneoir Ceannaire Foirm B; 21 = Ceistneoir Foirne Foirm A; 22 = Ceistneoir Foirne Foirm B; 30 = Príomhcheistneoir Comhcheangailte; 31 = Ceistneoir Comhcheangailte – Gearr

Colún (7): Modh Ceistneora: Is ar líne an modh réamhshocrú don Triail Allamuigh.

1 = Ar Líne; 2 = Páipéar

Colún (8): Stádas fillte an Cheistneora:

1 = Seolta ar ais (ar líne); 2 = Seolta ar ais (páipéar); 3 = Níor seoladh ar ais; 4 = D'fhág an suíomh ELC go buan; 5 = Ba cheart go mbeadh an duine lasmuigh den raon feidhme; 9 = Ní fios

Colún (9): Infhaighteacht Sonraí an Cheistneora Foirne: Bainfear an fhaisnéis seo as an gcóras ar líne; níl aon iontrálacha ag teastáil do cholún 9.

1 = Níl aon sonraí ar fáil; 2 = Ar Líne

Cosaint sonraí

Mar chuid d'ábhair an tsuirbhé, beidh Fógra Cosanta Sonraí Pearsanta faighte ag an gceannaire agus ag an bhfoireann, a chuireann in iúl dóibh faoina gcearta chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus iad a cheartú, chomh maith le cur i gcoinne a phróiseála, scríodh a iarraidh, agus iniomparthacht sonraí a fháil i gcúinsí áirithe. Cuir in iúl don cheannaire agus don fhoireann le do thoil go mbeidh orthu, más mian leo aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú, teagmháil a dhéanamh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus a bhfaisnéis aitheantais a sholáthar ó na Litreacha Cumhdaigh. Beidh an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) in ann a n-iarratas a phróiseáil ansin.

5 Rialú cáilíochta le linn na Trialach Allamuigh

Déantar rialú cáilíochta ag céimeanna éagsúla le linn ullmhúchán an cheistneora agus le linn na próiseála sonraí freisin. Tá sé seo ar cheann de na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach go gcloífidh tú i **gcónaí** le gach ceann de na nósanna imeachta thuasluaite.

Féadfaidh Breathnóir Cáilíochta Náisiúnta (NQO) dul i dteagmháil leat, sé sin duine atá ceaptha ag an bPríomh-Oifig Staidrimh chun breathnú ar na caighdeáin bailithe sonraí. Cinntíonn an NQO go ndearnadh cur chun feidhme an tsuirbhé i suíomhanna ELC de réir Chaighdeáin Theicniúla TALIS, amhail a sheiceáil gur urramaíodh anaithnideacht na bhfreagróirí agus go bhfuil an Fhoirm Liostaithe comhlánaithe i gceart agus stóráilte ar bhealach sábháilte.

Gabhann an OECD, an tIonad Staidéir Idirnáisiúnta agus an Phríomh-Oifig Staidrimh buíochas leat as do chuid ama agus as an méid a chuir tú leis an staidéar tábhachtach idirnáisiúnta seo.

Comhaontú Rúndachta 2024 Ag Tosú go Láidir TALIS

Aontaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh gan aon fhaisnéis nó sonraí a nochtadh seachas do pháirtithe údaraithe nó do bhaill foirne agus an ceistneoir, faisnéis inaitheanta phearsanta, freagraí na gceistneoirí agus aon ábhair TALIS eile a chosaint. Tagraíonn páirtithe údaraithe nó baill foirne dóibh siúd san ECFE, ag an Lárionad Staidéir Idirnáisiúnta agus a fhochonraitheoirí agus a chomhpháirtithe.

Ní mór do chomhordaitheoirí suímh ELC TALIS Ag Tosú go Láidir 2024 na rialacha rúndachta céanna a thuiscint agus a chomhlíonadh i riarachán an tsuirbhé. Ciallaíonn síniú an chomhaontaithe rúndachta seo go n-aontaíonn siad, beag beann ar a gcleamhnacht eagraíochta, NACH ndéanfaidh siad:

- 1) inneachar aon ábhair nó sonraí rúnda a nochtadh
- 2) aon nochtadh a dhéanamh trína bhféadfaí freagróir suirbhé nó a fhreagraí/sonraí gaolmhara a aithint
- 3) cead a thabhairt d'aon duine seachas na daoine aonair faoin gcomhaontú rúndachta céanna rochtain a fháil ar ábhair TALIS, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, an Fhoirm Liostaithe, ceistneoirí agus aon fhreagraí foirne nó ceannaire.

Dá réir sin, aontaím leis na téarmaí thuas mar Chomhordaitheoir Suímh ELC do Thriail Allamuigh TALIS Ag Tosú go Láidir 2024.

Ainm (céadainm & sloinne): _____

Teideal an phoist: _____

Suíomh/Eagraíocht ELC: _____

Dáta: _____

Síniú: _____

Iarscríbhinn B: Faisnéis staidrimh an tsuímh ELC a theastaíonn ón gceannaire

Sa cheistneoir atá le comhlánú ag na ceannairí, cuirtear ceisteanna, i measc nithe eile, maidir le suíomh, maoiniú agus tréithe foirne agus leanaí an ELC. Bheadh sé úsáideach dá mbeadh an t-eolas seo a leanas in aice láimhe:

1. Líon reatha na mball foirne ELC ag do shuíomh agus an ról a chomhlíonann siad laistigh den suíomh (m.sh. líon na bpríomhoideoirí luathbhlianta)
2. Eolas ar láimhdeachas foirne le 12 mhí anuas (m.sh. líon na mball foirne a d'fhág nó a thosaigh ag obair sa suíomh le 12 mhí anuas nó atá ar shaoire fhadaithe)
3. Líon na n-ionadach ba ghá a fhostú le líonadh isteach le haghaidh neamhláithreachtaí foirne ELC le 12 mhí anuas
4. Líon na neamhláithreachtaí foirne ar an Máirt is déanaí a bhí an suíomh ELC seo ar siúl ag an am a dhéanann tú an suirbhé
5. Líon reatha na leanaí atá cláraithe in oideachas luath-óige agus réamh-bhunscoile sa suíomh ELC seo
6. Má tá sé ar fáil, cé mhéad de na leanaí atá cláraithe sa suíomh a thagann faoi chatagóirí éagsúla.

Mura bhfuil an t-eolas thuas agat, is leor meastacháin gharbha.